Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9396/21**

**TRANS 358**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8790/21 |
| Ábhar: | An tIarnród a chur ar Thús Cadhnaíochta sa tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 3 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle dar teideal 'An tIarnród a chur ar Thús Cadhnaíochta sa tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste', a ghlac an Chomhairle ag an 3798ú cruinniú a bhí aici an 3 Meitheamh 2021.

An tIarnród a chur ar Thús Cadhnaíochta sa tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste

-Conclúidí ón gComhairle-

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS:

1. conclúidí ón gComhairle an 12 Nollaig 2019 inar formhuiníodh an cuspóir Aontas Eorpach aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050[1] agus Teachtaireacht an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Glas don Eoraip[2];

2. tiomantas leanúnach airí iompair an Aontais don iarnród[3], mar a cuireadh in iúl anuraidh in:

   a) an ráiteas polaitiúil lena dtacaítear le clár oibre Eorpach maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí d'iarnród, a cuireadh i láthair ag an bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil d'airí iompair an Aontais an 4 Meitheamh 2020, agus

   b) dearbhú na n-airí maidir le hiompar nuálach i gconairí lasta iarnróid ag comhdháil Bheirlín an 21 Meán Fómhair 2020;

3. Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2020 dar teideal *'Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future'* [Straitéis um Shoghluaisteacht Chliste agus Inbhuanaithe – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí][4] agus an rún atá aige lasta iarnróid a dhúbailt agus iompar paisinéirí ardluais d'iarnród a mhéadú faoi thrí faoi 2050;

4. Cinneadh (AE) 2020/2228 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2021)[5];

---

1 EUCO 29/19.
2 COM(2019)640 final, 15051/19 + ADD 1.
3 Bíonn airí iompair na hIorua agus na hEilvéise rannpháirteach go rialta.
4 COM(2020) 789 final, 14012/20 + ADD1.
5 IO L 437, 28.12.2020, lch. 108.

5. Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta,[6] agus glacadh rialachán eile a dhéanfar go luath, lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa;

6. físchomhdháil neamhfhoirmiúil airí iompair an Aontais an 30 Márta 2021, inar ghlac na hairí seasamh maidir le páipéar leathoifigiúil Uachtaránacht na Portaingéile – '*How to Accelerate Modal Shift to Rail: different paths to a common goal*' [Conas Géarú ar Mhóraistriú módach chuig an Iarnród: conairí éagsúla chuig comhsprioc'];

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh athchóirithe rialála bunúsacha ar chórais iarnróid an Aontais a bhuí le ceithre phacáiste reachtacha a glacadh in 2001[7], 2004, 2007 agus 2016. IS DÍOL SÁSAIMH DI na héifeachtaí dearfacha a bheidh ag na hathchóirithe sin maidir leis an margadh a oscailt agus maidir le comhchuibhiú teicniúil a baineadh amach go páirteach agus a bhfuiltear ag fanacht leo go páirteach;

8. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil an creat rialála ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta an-chasta agus an-éagsúil, agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun tairbhí eacnamaíocha agus oibríochtúla an chomhchuibhithe theicniúil a áirithiú, go háirithe do sheirbhísí iarnróid trasteorann, agus na pointí tosaigh éagsúla sna Ballstáit agus a struchtúir eagraíochtúla éagsúla á n-admháil ag an am céanna. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an tábhacht atá le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a chur chun feidhme, CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart tograí reachtacha an Aontais a bheidh ann amach anseo a bhunú ar anailís chúramach ar staid reatha na himeartha agus simpliú a bheith mar aidhm leo i gcás inar féidir;

9. AITHNÍONN SÍ nach gcuireann roinnt Ballstát nascacht ar fáil trí iarnróid, agus nach féidir, dá bhrí sin, soghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe a bhaint amach ach amháin trí mhodhanna eile iompair; AITHNÍONN SÍ freisin go bhfuil líonraí na mBallstát eile scoite agus, dá bhrí sin, nach gcuireann na hiarrachtaí idir-inoibritheacht a mhéadú feabhas ar an bhfeidhmíocht;

---

6 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

7 Athmhúnlaíodh an chéad phacáiste iarnróid in 2012 le Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid, IO L 343, 14.12.2012, lch. 32.

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh an comhchuibhiú teicniúil breise darb aidhm idir-inoibritheacht mhéadaithe na ngréasán náisiúnta ina thaca leis an margadh aonair do sheirbhísí idirnáisiúnta iarnróid, do chórais iarnróid an Aontais agus don éifeachtúlacht; Thairis sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR rannchuidiú an iarnróid le geilleagar an Aontais agus lena bhonn tionsclaíoch, lena n-áirítear a iomaíochas domhanda, rud a bhainfidh tairbhe freisin as taighde, nuálaíocht agus comhchuibhiú teicniúil. TÁ SÍ AG SÚIL, dá bhrí sin, leis an gcéad Chomhghnóthas Iarnróid eile de chuid na hEorpa ar cheart ról ríthábhachtach a bheith aige sa taighde ar theicneolaíochtaí nua digiteacha san iarnród, lena gcuirfí cur chuige comhordaithe ar fáil leis an earnáil i leith fhorás foriomlán na gcóras iarnróid. Ba cheart forbairt níos gasta a dhéanamh ar an gcreat rialála teicniúil mar gheall air sin freisin, agus an t-am a bhí riachtanach chun caighdeáin a bhí ann go dtí sin a imscaradh á chur san áireamh;

11. MEASANN SÍ gur gá iarracht a dhéanamh soghluaisteacht a bheidh aeráidneodrach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a bhaint amach[8] agus córas iompair athléimneach idirnasctha a áirithiú, go háirithe tráth géarchéime, mar atá á léiriú le linn phaindéim COVID-19, agus go bhfuil ról lárnach ag na hiarnróid laistigh den tairiscint iompair a bheidh ann amach anseo;

12. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá idirphlé leanúnach idir na húdaráis phoiblí, na geallsealbhóirí ábhartha, fostóirí, oibrithe agus úsáideoirí iompair d'iarnród chun a áirithiú go mbainfidh gach duine tairbhe as an iompar d'iarnród; TUGANN SÍ DÁ hAIRE sa chomhthéacs sin tuairim thurgnamhach Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 24 Márta 2021 maidir le 'Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid' arna iarraidh ag Uachtaránacht na Portaingéile[9];

13. TÁ SÍ AG SÚIL leis an athbhreithniú atá beartaithe ar reachtaíocht an Aontais maidir le conairí lasta iarnróid[10] agus maidir leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T)[11];

---

[8] Áirítear leis an an iompar d'iarnród lorg ísealcharbóin, astaíochtaí ísle, úsáid íseal talún agus saolré fhada dá rothra, agus laghdaítear brú tráchta agus méadaítear cáilíocht an aeir i gceantair uirbeacha dá thairbhe.

[9] EESC TEN/727, 7614/21.

[10] Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch, IO L 276, 20.10.2010, lch. 22.

[11] Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, IO L 348, 20.12.2013, lch. 1.

## I. Aistriú módach

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach bhfuil an t-iompar d'iarnród freagrach ach as 0,4 % d'astaíochtaí $CO_2$ a ghintear le hiompar, d'ainneoin sciar 8 % d'iompar paisinéirí agus 19 % d'iompar lasta ar fud na hEorpa a bheith ag baint leis[12]. Ar an ábhar sin, is é is dóichí gur aistriú módach ó mhodhanna atá dian ar charbón chuig iompar d'iarnród an bealach is éifeachtaí leis an iompar a dhícharbónú i gcodanna móra de chríoch an Aontais;

15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cobhsaíodh, i ngeall ar na hiarrachtaí suntasacha a rinneadh go dtí seo i leith oscailt an mhargaidh agus an chomhchuibhithe theicniúil, sciar na seirbhísí iompair iarnróid i margadh atá ag fás go tapa, ar margadh é ina bhfuil ionchais na gcustaiméirí tar éis fás freisin, ach nár baineadh aistriú suntasach chuig an iarnród amach ann go fóill, d'ainneoin an dul chun cinn atá déanta i gcodanna aonair den mhargadh;

16. ADMHAÍONN SÍ go gcaithfear tarraingteacht agus iomaíochas an iarnróid a neartú chun dul chun cinn a dhéanamh ionsar aistriú módach trí fheabhas a chur ar sheirbhísí iarnróid atá oiriúnaithe d'éilimh custaiméirí agus trí optamú éifeachtach a dhéanamh ar réitigh ilmhódacha idir an t-iarnród agus modhanna eile iompair; ba cheart an dul chun cinn a éascú freisin trí chomhar éifeachtach idir na Ballstát ábhartha agus idir bainisteoirí bonneagair. Ar an iomlán, i gcás fíoraistriú módach, beidh gá le fás ar mhéideanna an tráchta iarnróid a sháraíonn an fás eacnamaíoch;

17. MEASANN SÍ GO bhFUIL SÉ TÁBHACHTACH meastóireachtaí rialta beartais lena dtomhaistear méid oscailt éifeachtach an mhargaidh agus an chomhchuibhithe theicniúil a fhorlíonadh le hanailís ar thionchair bheartais ar an aistriú módach, ar chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, ar fheidhmíocht chomhshaoil, ar éifeachtúlacht córas, ar mhuirir bhonneagair, ar leibhéil seirbhíse agus ar dhálaí oibre;

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI, chuige sin, na tionscnaimh atá ar bun chun anailís réamhbhreathnaitheach níos oibríochtúla a dhéanamh ar an aistriú módach trí mheasúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a d'fhéadfaí a dhéanamh faoi choinníollacha áirithe agus trí ghlacadh leis go gcuirfear feabhas sonrach ar cháilíocht agus nascacht an bhonneagair, agus gach cineál tráchta intíre agus idirnáisiúnta á gcur san áireamh, mar aon le tiomantas an Choimisiúin 'innéacs nascachta iarnróid' a fhorbairt; MOLANN SÍ meastóireacht a dhéanamh ar na naisc mheánfhad-achair idir na cathracha móra;

---

12 Féach an Coimisiún Eorpach, leabhar póca Staidrimh 2020, táblaí 3.2.12, 2.3.3 agus 2.2.3 (seachas iompar ar phíblíne).

## II. Athléimneacht

19. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil earnáil an iompair ar na hearnálacha is mó atá thíos le paindéim COVID-19, agus go ndearnadh damáiste eacnamaíoch mar gheall ar laghduithe móra ar thaisteal agus i réimse na turasóireachta, cur isteach ar an slabhra soláthair, caillteanas ioncaim d'oibreoirí iarnróid, agus nascacht laghdaithe ar fud an Aontais. Dá dheasca sin, bhí caillteanas suntasach eacnamaíoch ann do ghnóthais iarnróid agus do bhainisteoirí bonneagair, agus buaileadh iompar paisinéirí d'iarnród go háirithe, earnáil inar cuireadh moill nó bac ar thionscadail le haghaidh infheistíochta agus seirbhísí nua. Ag an am céanna, léiríodh gurb é an t-iompar d'iarnród an modh iompair is athléimní, go háirithe i bhfoirm iompair chomhcheangailte neamhthionlactha;

20. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur chabhraigh gníomhaíocht spriocdhírithe na n-airí iompair, i gcomhar leis an Aontas Eorpach agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, leis an earnáil iarnróid dul i ngleic leis na hiarmhairtí eacnamaíocha a d'eascair as an ngéarchéim, lena raibh roinnt geallsealbhóirí i mbéal a gcliste. Agus leis an ngníomhaíocht sin, áirithítear go mairfidh an tseirbhís riachtanach seo agus an leas poiblí;

21. MEASANN SÍ gur tugadh chun léargais, de thoradh na géarchéime seo, an gá atá le hathléimneacht agus bearta teagmhasacha a neartú agus feabhas a chur ar infhaighteacht, ar chomhleanúnachas agus ar chomhordú an ghréasáin iarnróid agus tosaíocht níos mó a thabhairt do naisc trasteorann a fheabhsú mar chuid de ghréasán iarnróid tras-Eorpach a bheadh ina chnámh droma do bhealaí athléimneacha inbhuanaithe soghluaisteachta; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le Plean Teagmhasach a ullmhú don iompar chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar an bpaindéim agus ar ghéarchéimeanna tromchúiseacha eile;

## III. Iompar Eorpach iarnróid do phaisinéirí

22. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT cé gurb íseal sciar an iompair Eorpaigh iarnróid do phaisinéirí laistigh de mhargadh foriomlán paisinéirí iarnróid an Aontais[13], gurb ann d'ábhar dóchais ar thaobh an tsoláthair agus an éilimh araon lena dtugtar le fios go bhféadfaí méadú suntasach a dhéanamh sna deich mbliana amach romhainn. Tá díograis agus éagsúlacht á léiriú leis na tionscadail atá faoi lán seoil, mar shampla iad siúd a bhfuil sé d'aidhm acu traenacha oíche na hEorpa a athbheochan;

23. TUGANN SÍ FAOI DEARA éagsúlachtaí móra sa chaoi a bhforbraítear seirbhísí, bonneagar agus gréasáin idirnáisiúnta iarnróid do phaisinéirí in áiteanna difriúla san Eoraip, mar thoradh, *inter alia*, ar éileamh ó chustaiméirí, roghanna polaitiúla, tíreolaíocht, dlús daonra, agus comhtháthú eacnamaíoch idir réigiúin trasteorann;

24. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur cruthaíodh an tArdán le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d'Iarnród, ina bhfuil raon leathan geallsealbhóirí rannpháirteach, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE éabhlóid choincheap Trans Europe Express 2.0 (TEE 2.0); IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún plean gníomhaíochta a chur i láthair, i gcaitheamh na bliana seo, chun borradh a chur faoi sheirbhísí fadraoin agus trasteorann iarnróid do phaisinéirí, CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le comhar idir na Ballstáit agus an tAontas Eorpach chun deireadh a chur le bacainní margaidh agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil ar dhul chun cinn a chur i láthair faoin mbliain seo chugainn ina léireofar na spriocanna insoláthartha dá phlean gníomhaíochta;

25. MOLANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar iompar Eorpach iarnróid do phaisinéirí. Ba cheart an méid sin a bhaint amach, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, trí na seirbhísí atá ann cheana a chomhlánú agus trí dhíriú ar thaithí paisinéirí, iomaíocht chothrom, pleanáil chuimsitheach bealaí agus ticéadú arna thairiscint ag gnóthais iarnróid agus díoltóirí tríú páirtí ticéad, naisc dhíreacha le hiompar réigiúnach, áitiúil agus uirbeach, agus nósanna imeachta maidir le leithdháileadh acmhainneachta, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát agus na mbainisteoirí bonneagair i ndáil leis sin, agus deireadh a chur le bacainní teicniúla agus oibríochtúla, go háirithe i gcodanna agus críochfoirt trasteorann;

[13] 7 % de chiliméadar paisinéara foriomlán; An Coimisiún Eorpach, Leabhar póca staidrimh 2020, tábla 3.2.12.

26. ADMHAÍONN SÍ nach mór – má táthar chun an rannóg seo a fhorbairt a thuilleadh – na scrogaill bhonneagair atá fós i gcóras iarnróid an Aontais a bhaint, croíghréasán agus gréasán cuimsitheach TEN-T a bhaint amach, gréasán ardluais a fhorbairt, rothra idirinoibritheach a cheannach agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) a chur chun feidhme go hiomlán mar a shonraítear sna pleananna náisiúnta cur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin, an cur isteach ar thrácht a íoslaghdú;

27. ADMHAÍONN SÍ éagsúlacht na gcur chuige náisiúnta maidir le seirbhísí iarnróid do phaisinéirí a eagrú agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur den ríthábhacht seirbhísí rochtana oscailte mar fhreagairt ar éileamh an mhargaidh chun an t-aistriú módach a shíneadh chuig iarnróid, agus nach mór na seirbhísí sin a chomhcheangal le cultúr leathan nuálaíochta agus geilleagar dinimiciúil iarnróid. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaidh na Ballstáit, i gcásanna áirithe, féachaint faoi úsáid a bhaint, ar a gcríoch féin, as conarthaí seirbhíse poiblí le haghaidh seirbhísí idirnáisiúnta iarnróid do phaisinéirí, chomh maith le seirbhísí intíre, chun an tairiscint iompair inmhianaithe a ghiniúint. Ós amhlaidh atá, TÁ SÍ AG SÚIL leis an athbhreithniú ón gCoimisiún ar na treoirlínte léiritheacha a bhaineann le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007[14];

## IV. Iompar Eorpach lasta iarnróid

28. TÁ SÉ Á FHEICEÁIL DI trí dhul chun cinn a dhéanamh i dtaca le croíghréasán an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) a thabhairt chun críche laistigh den tráthchlár atá bunaithe, an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) a imscaradh go forleathan, cois iarnróid agus ar bord araon, in éineacht leis na córais comharthaíochta leagáide a dhíchoimisiúnú de réir a chéile, agus ceanglais theicniúla agus oibríochtúla a chomhchuibhiú a thuilleadh, go mbainfear amach iompar iarnróid níos éifeachtúla, níos saoire agus níos comhtháite, agus fás leanúnach lastas iarnróid á chumasú ar an gcaoi sin;

---

[14] Treoirlínte léiritheacha a bhaineann le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar, IO C 92, 29.3.2014, lch. 1.

29. TÁ SÉ Á FHEICEÁIL DI go gcuirfear dlús breise le lasta iarnróid le himscaradh comhordaithe nuálaíochtaí nua, go háirithe i réimse na digiteála agus an uathoibrithe, a fhad a rannchuidíonn an t-imscaradh sin, ó thaobh costais agus tairbhe de, le hiomaíochas earnáil an iarnróid a mhéadú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb ionann an malartú digiteach faisnéise, lena n-áirítear córais rianaithe, agus céim mhór i dtreo lasta iarnróid a chomhtháthú sa slabhra soláthair, rud a fhágfaidh go mbeidh an t-iompar lasta iarnróid ina rogha níos iontaofa ag seoltóirí;

30. A mhéid a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ina dtugann an Coimisiún Eorpach tús áite do lasta iarnróid, TÁ SÉ Á FHEICEÁIL DI go dtógfar ar an taithí ar fad a fuarthas agus ar an dea-chleachtas atá forbartha cheana féin leis an tionscnamh seo trí na conairí lasta iarnróid, agus go gcothófar nuálaíocht freisin i dteicneolaíochtaí nua, sa digiteáil agus i gcoincheapa oibríochtúla ag an am céanna chun gréasán oibríochta níos comhtháite a bhaint amach do lasta iarnróid iomaíoch;

31. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil gréasán iarnróid an Aontais don lasta iomaíoch, arna dhéanamh leis na conairí lasta iarnróid, an-éifeachtach maidir le gníomhaíochtaí comhbheartaithe agus bearta comhchoiteanna a fhorbairt i measc na ngeallsealbhóirí atá i gceannas ar oibríochtaí, agus éascaítear leis, i measc nithe eile, feabhsú athléimneacht lasta iarnróid i gcás géarchéimeanna móra agus cur chun feidhme beart teagmhasach riachtanach;

32. Á AITHINT DI an obair atá déanta cheana ag na conairí lasta iarnróid, IS DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas na mBallstát leanúint dá n-obair i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le comhordaitheoirí chonairí chroíghréasán TEN-T, CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé tuilleadh acmhainneachta bonneagair agus bealaí na gconairí lasta iarnróid a fhorbairt i gcomhréir le ceanglais an mhargaidh agus riachtanais na gcustaiméirí, agus MOLANN SÍ go ndéanfaí na conairí lasta iarnróid a neartú agus a fheidhmiú ar bhealach comhordaithe;

## V. Gréasáin, infheistiú agus nascacht

33. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gréasán TEN-T thar a bheith tábhachtach chun gréasán iarnróid idir-inoibritheach ardacmhainneachta comhleanúnach a fhorbairt ar fud an Aontais, agus chun é a nascadh freisin le calafoirt, aerfoirt agus críochfoirt uiscebhealaí bóithre agus intíre. Cé nár éirigh leis na neamhshiméadrachtaí móra i gcumhdach agus i ndlús an ghréasáin iarnróid a shárú ina aonair, tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus ionstraimí maoiniúcháin eile de chuid an Aontais, chuir gréasán TEN-T ar chumas a lán Ballstát a bhfuil acmhainneachtaí infheistíochta níos lú acu uasghrádú go leanúnach, ach go mall, agus nascacht a ngréasán a fheabhsú;

34. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le beartas comhtháite TEN-T lena ngabhann tionscadail lena gcothaítear forbairt seirbhísí ardluais idirnáisiúnta le haghaidh iompar iarnróid do phaisinéirí idir na príomh-mhoil uirbeacha agus lena n-éascaítear iompar lasta iarnróid níos iomaíche; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sin ar cheann de na réamhchoinníollacha chun gur féidir cuspóirí na Straitéise um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste a bhaint amach; MOLANN SÍ go dtabharfaí faoi thionscnaimh darb aidhm naisc iarnróid a chur ar fáil a d'fhéadfaí a chur in ionad eitiltí gearrthurais, nuair is féidir;

35. Á CHOIMEÁD I gCUIMHNE DI an aidhm pholaitiúil atá ann i ndáil le geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach, ADMHAÍONN SÍ go bhfuil buiséid náisiúnta i roinnt mhaith Ballstát fós faoi bhrú ón ngéarchéim eacnamaíoch a bhí ann roimhe seo agus ón bpaindéim reatha, agus gurb ar éigean atá infheistíocht phoiblí san iompar sna Ballstáit sin ar an leibhéal is gá chun cothabháil a áirithiú;

36. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh ar earnáil an iarnróid an leas is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí maoiniúcháin an Aontais. Sainaithníodh na bonneagar iompair iarnróid mar an rannóg is géire atá i ngátar infheistíochta chun bailchríoch a chur ar ghréasán TEN-T agus chun an gréasán atá ann faoi láthair a nuachóiriú. IS DÍOL SÁSAIMH DI, dá réir sin, go bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit na hacmhainní atá á gcur ar fáil ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-27 a úsáid chun iomaíochas earnáil an iarnróid a fheabhsú agus chun tacú le hinfheistíocht ghaolmhar i mbonneagar iarnróid;

37. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil comhtháthú sistéamach le modhanna eile iompair, lena n-áirítear iompar muirí, uiscebhealaí intíre, aeriompar agus iompar de bhóthar, tairiscintí iompair uirbigh agus soghluaisteacht ghníomhach, bunriachtanach chun críocha a choimeád nasctha le chéile agus chun an t-aistriú módach a bhaint amach. Mar thoradh air sin, tá gá le deiseanna aistrithe idirmhódach a mhéadú, le hacmhainneacht na saoráidí aistrithe agus trasloingsithe atá ann cheana a mhéadú, agus le bainistiú tráchta idirmhódach níos fearr;

38. AITHNÍONN SÍ go dteastaíonn infheistíocht mhór ón earnáil i rothra fadraoin idirnáisiúnta. D'fhéadfaí tacú le maoiniú trí ráthaíochtaí ar leibhéal an Aontais, chun úsáid a bhaint as nuálaíochtaí, chun uasghrádú chuig sonraíochtaí teicniúla nua, chun solúbthacht, sábháilteacht agus compord a mhéadú, agus chun an tairiscint seirbhíse a éagsúlú; AITHNÍONN SÍ freisin go bhfuil géarghá le hinfheistíocht ón earnáil phríobháideach agus MEABHRAÍONN SÍ do na Ballstáit gurb ann do chomhaontuithe agus conarthaí idirnáisiúnta lena n-éascaítear infheistíocht phríobháideach, amhail Prótacal Iarnróid Lucsamburg a ghabhann le Coinbhinsiún Cape Town[15];

39. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar scéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar an leibhéal Eorpach chun tacú le hoibreoirí iarnróid ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, agus na torthaí a chur faoi bhráid na Comhairle; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, ag féachaint do shainiúlachtaí earnáil an iarnróid, an rún atá ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le deonú státchabhrach.

---

15 Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar nithe a bhaineann go sonrach le Cúrsaí Rothstoc Iarnróid, IO L 331, 16.12.2009, lch. 4.